



Staidéar Chonair Dhumhach Thrá/Mhuirfean go dtí
an Charraig Dhubh

DOICIMÉAD COMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ

*"chuirfeadh an tionscadal atá
beartaithe bealach ardchaighdeáin
leanúnach ar fáil do choisithe agus
do rothaithe ón mBaile Gaelach go
dtí Rinn na Mara"*



CLÁR NA NÁBHAR

01:	Réamhrá	2	06:	An Scéim is Dealraithí a Roghnófar – Bóthar na Carraige/Bóthar Mhuirfean	22
	Cúrla	2		Tuairisc	22
	Doiciméad Comhairliúcháin Phoiblí	3		Tráchtairesacht ar an Rogha is Dealraithí a Roghnófar	24
	Staidéir Roimhe Seo	3	07:	Tairbhí agus Costais	25
	Cuspóir	4		Tairbhí	25
	Limistéar an Staidéir	4		Costais	25
02:	Saincheisteanna agus Dúshláin	6	08:	Cur i bhFeidhm Ionchasach	26
	Socruithe Reatha	6	09:	Comhairliúchán Poiblí	27
	Nithe a bhaineann leis an gComhshaol	7		Aguisín	28
	Nithe nach mbaineann leis an gComhshaol	9			
03:	Na Roghanna a Breithníodh	10			
	Na Cineálacha Roghanna	10			
	Conair an Chósta Thoir (S2S)	13			
	Conair Bhóthar na Carraige/Bhóthar Mhuirfean	15			
04:	Modheolaíocht agus Measúnú	16			
05:	An Scéim is Dealraithí a Roghnófar – Conair an Chósta Thoir	17			
	Tuairisc	17			
	Tráchtairesacht ar an Rogha is Dealraithí a Roghnófar	20			
	Nithe a bhaineann leis an gComhshaol	20			
	Seachród Mhuirfean	21			

01: RÉAMHRÁ

1.1 Cúlra

Tá sé de chuspóir le roinnt mhaith blianta promanáid agus rotharbhealach leanúnach a forbairt mar áis áineasa feadh an chósta ó Chill Fhionntain ar an taobh ó thuaidh de Bhaile Átha Cliath go Cuas an Ghainimh ar an taobh ó dheas.

Tá codanna suntasacha den bhealach sin tógtha cheana féin, go háirithe feadh an chuid ó thuaidh den chonair. D'ainneoin roinnt tograí a forbairt, áfach, is beag an méid dul chun cinn atá déanta maidir leis an mbealach a chur ar fáil ar an taobh ó dheas den chathair agus is é is cúis leis sin, den chuid is mó, ná saincheisteanna comhshaoil agus costais.



"Promanáid agus Rotharbhealach ó Chill Phionntain go Cuas an Ghainimh (S2S)" a thugtaí ar an scéim seo roimhe seo agus tá an bealach curtha san áireamh anois i bPlean Ghréasán Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath faoin gceannteideal "Conair an Chósta Thoir".

Is é is cuspóir do Staidéar Chonair Dhumhach Thrá/Mhuirfean go dtí an Charraig Dhuhb ná measúnacht úr a chur ar fáil ar na leaganacha amach féideartha le haghaidh rotharbhealaigh agus bealach siúil feadh Bhá Bhaile Átha Cliath theas agus athmheasúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna comhshaoil agus ar nithe a bhaineann le costais.

Ós rud é go bhfuil an bealach comhthreomhar, nach mór, le conair Bhóthar na Carraige agus Bóthar Mhuirfean idir an Charraig Dhuhb agus Muirfean agus, le firinne, go bhforluíonn sé ar an mbealach sin, déantar breithniú sa staidéar seo freisin ar na riachtanais iompair feedh na conaire bóthair seo - ó thaobh, siúil, rothaíochta, iompar poiblí agus trácta de - chun a chinntíú go mbeidh cur chuige ionlánaíoch ann maidir le forbairt togra chomhtháite iompair.

1.2 Doiciméad Comhairliúcháin Phoiblí

Tá an Doiciméad Comhairliúcháin Phoiblí seo beartaithe chun fainseis a sholáthar faoin obair atá déanta le déanaí mar chuid de Staidéar Chonair Dhumhach Thrá/Mhuirfean go dtí an Charraig Dhuhb. San fainseis atá ann sa doiciméad seo, leagtar amach go hachomair na roghanna éagsúla atá scrúdaithe agus roinnt de na sriantachtaí suntasacha comhshaoil a bhaineann leis an tionscadal seo, agus tugtar tuairisc ar "an Rogha is Dealraithí a Roghnófar", is é sin le rá, an togra atá sainitheanta mar an scéim ar dóigh ina leith gurb í an scéim is fearr í, ach sin faoi réir próiseas comhairliúcháin phoiblí a sheoladh.

Is ionann an fainseis a thugtar agus achoimre ar an obair atá déanta. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil sa "Staidéar Féidearthachta agus Tuarascáil faoi Mheasúnú Roghanna" ionlán a ullmháiodh mar chuid de Staidéar Chonair Dhumhach Thrá/Mhuirfean go dtí an Charraig Dhuhb. Tá an tuarascáil sin ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis Náisiúnta lompair - www.nationaltransport.ie.

1.3 Staidéir Roimhe Seo

Is é atá sa staidéar is suntasaí dá ndearnadh le déanaí ná an staidéar a rinne Scott Wilson do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus do Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin thar an tréimhse ó 2006 go 2010. Rinneadh an staidéar sin ina dhá chéim:

- Céim 1 - rinneadh Tuarascáil Féidearthachta inar sainaithníodh roinnt roghanna a chur i gcrích i mí Mheán Fómhair 2007; agus
- Céim 2 - rinneadh Tuarascáil maidir le Réamhdhearadh, inar soláthraíodh réamhdhearadh don scéim a bhí beartaithe, a chur i gcrích i mí an Mhárta 2010.

Sa Tuarascáil deiridh maidir le Réamhdhearadh, a d'ullmháigh Scott Wilson, moladh scéim a shínfeadh ó Pháirc Sheáin Uí Mhóra sa Rinn go dtí an Ché Thoir i nDún Laoghaire. Ba é a bhí sa chostas measta ná €75 mhilliún (praghnsanna na bliana 2010). Áiríonn sé sin 2.8 ciliméadar de phromanáid agus rotharbhealach ó Gheataí Mhuirfean i dtreo ó dheas go dtí an Charraig Dhuhb trí inlónadh a dhéanamh in aice leis an líne iarnróid ar chostas €32.75 milliún.



Ach luaitear an méid seo a leanas sa roinn dheireanach den tuarascáil sin dar teideal "Moltaí":

"De réir na comhairle a fuarthas ónár gcuid fo-shainchomhairleoírí speisialtóireachta comhshaoil, Biosphere Environmental Services, agus ó chruinnithe leis an Rannóg Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus le An Taisce, moltar go ndéanfar bealach intíre a scrúdú tuilleadh i gcodanna de roinn B idir Geataí Mhuirfean agus Stáisiún Rinn na Mara. Bhainfeadh sé sin úsáid as an rotharbhealach agus as an gcosán atá ann cheana féin trí Pháirceanna Bhaile Liam agus na Carraigé Duibhe, ar nithe iad sin a bhféadfai iad a uasghrádú go héasca agus go cost-éifeachtach tar éis pointí rochtana agus imeachta a shainaithint."



1.4 Cuspóir

Is é atá beartaithe le Staidéar Chonair Dhumhach Thrá/Mhuirfean go dtí an Charraig Dhubb ná scéim cost-éifeachtach atá inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de a shainaithint, ar scéim í a chomhlíonann cuspóirí Chonair an Chósta Thoir (S2S) idir an Rinn agus Cuas an Ghainimh agus, ag an am céanna, ar scéim í a thugann aghaidh ar riachtanais fhorluiteacha iompair Bhóithre comhthreomhara na Carraigé agus Mhuirfean idir an Charraig Dhubb agus Muirfin.


Tá dhá rothar bhealach ainmnithe ann laistigh den chonair iompair fhioriomlán sin - Rotharbhealach na Carraigé Duibhe go Lár na Cathrach (Rotharbhealach 13 i bPlean Ghréasán Rothaíochta an NTA do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath) agus Conair an Chósta Thoir (ar bealach é sin ar a dtugtaí Cill Fhionntain go Cuas an Ghainimh "S2S" roimhe seo).

Tosaíonn Rotharbhealach na Carraigé Duibhe go Lár na Cathrach ag pointe ó dheas ón gCarraig Dhubb ag Bóthar Shráid an tSrutháin, síneann sé feadh chonair tháscach Bhóthar na Carraigé agus Bhóthar Mhuirfean agus críochnaíonn sé ag an gCanáil Mhór.


Chun críocha an staidéir seo, síneann Conair an Chósta Thoir (bealach S2S, mar a thugtaí air sin roimhe seo) ó Ghleann Brighton, gar do Stáisiún DART Rinn na Mara, go dtí Bóthar Sheáin Uí Mhóra sa Bhaile Gaelach.

1.5 Limistéar an Staidéir

Mar gheall ar an idirghníomhaíocht idir Bóthar na Trá agus Bóthar Mhuirfean/Bóthar na Carraigé, áiríonn limistéar an staidéir an dá chonair agus síneann sé ó Rinn na Mara ar an taobh ó dheas go dtí Bóthar Sheáin Uí Mhóra agus acomhal Bhóthar Mhuirfean agus Bhóthar Ailesbury ar an taobh ó thuaidh. Tá limistéar iomchuí an staidéir ar taispeáint sa léarscáil ar an leathanach sin ina dhiaidh seo.



02: SAINCHEISTEANNA AGUS DÚSHLÁIN



2.1 Socruithe Reatha

Faoi láthair, bíonn cuid mhór tráchta ar Bhóthar na Trá a cheanglaíonn an taobh ó dheas den chathair le Calafort Bhaile Átha Cliath, le Droichead an Nascbhóthair Thoir agus ar aghaidh uaidh sin go Tollán Bhaile Átha Cliath agus an taobh ó thuaidh den chathair. Tá Bóthar na Trá agus Bóthar Mhuirfean ina mbealaí gnóthacha comaitéireachta gluaisteáin isteach i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus amach as agus isteach sna suímh fostáiochta i gceantar gnó an oirdheiscirt agus amach astu.

Tá saoráidí rothaíochta teoranta ar Bhóthar na Trá agus ní fheidhmíonn sé go dóthanach mar bhealach rothaíochta comaitéireachta ná mar bhealach rothaíochta taitneamhachta feadh an chósta,

Imríonn dúnadh chrosaire comhéid Gheataí Mhuirfean tionchar bunúsach ar ghluaisceacht an tráchtá sa cheantar sin. Faoi láthair, bíonn na geataí iarnróid ag an gcrosaire seo san ionad íslithe (dúnta) ar feadh tuairim is 20 nóiméad san uair an chloig ag buaic-amanna. Ceaptar go dtiocfaidh méadú mór ar an am dúnta bóthair sin de réir mar a thagann méadú ar mhinicíocht na seirbhísí DART.

Feadh chonair Bhóthar Mhuirfean/Bhóthar na Carraige, cé nó n-úsáideann lín mór rothaithe an bealach ní leor na saoráidí atá ann chun freastal ar na rothaithe sin. Níl sainrian ann do rothaithe feadh na conaire agus comhroinneann siad lána bus le busanna i gcás ina bhfuil lána bus ann. Fiú amháin feadh na gcodanna sin, bíonn na socruithe sin ina gcúis le dálaí deacra do rothaithe agus do thiománaithe bus/tacsaí araon, agus is minic a chuireann rothaithe isteach ar ghluaisceacht busanna agus a bhíonn ar thiománaithe bus/bus/tacsaí gabháil d'ínlochtaí ciotacha chun dul thar rothaithe.

Ní leor an tosaíocht atá ag busanna ag an gcuid seo de Bhóthar Mhuirfean/Bhóthar na Carraige agus tá bearnaí móra ann ó thaobh an tsoláthair lánaí bus de. Déantar na tairbhí a fhaightear ó na codanna den bhóthar a bhfuil


lánaí bus iontu a neamhniú mar gheall ar easpa lánaí bus in áiteanna tábhachtacha eile den bhealach.

2.2 Nithe a bhaineann leis an gComhshaol

2.2.1 Limistéar faoi Chosaint Speisialta

Tá aitheantas ag ceantair Bhá Bhaile Átha Cliath agus Riasc Bhaile an Bhóthair mar cheantar ag a bhfuil ardtábhacht chomhshaoil. Dá bharr sin, tá ainmniúchán áirithe déanta i leith na gceantar sin de réir na dtreoracha Eorpacha iomchuí.

Léiríonn an léarscáil atá taobh leis seo na ceantair atá ainmniithe mar Limistéar faoi Cosaint Speisialta Bá Bhaile Átha Cliath Theas agus Inbhear na Tulchann. Leis an ainmniúchán sin, a rinneadh faoi phorálacha Threoir 2009/147/CE ón gComhairle maidir le héin fhiáine a chaomhnú (ar a dtugtar "an Treoir maidir le hÉin" de ghnáth), déantar socrú maidir le cosaint trí cinn déag de speicis éin fhiáin atá ann go tráthrialtá agus, chomh maith leis sin, maidir le cosaint na gnáthóige bogáigh a chothaíonn na speicis sin. Is cuid den Limistéar faoi Chosaint Speisialta sin é freisin an ceantar ar a dtugtar Riasc Bhaile an Bhóthair.





2.2.2 Limistéar Caomhantais Speisialta

Tá limistéar comhchosúil den chuid ó dheas de Bhá Bhaile Átha Cliath, gan Riasc Bhaile an Bhóthair a áireamh, ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Speisialta (LCS) freisin faoi fhorálacha Threoir 92/43/CEE maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora a chaomhnú, ar Treoir í sin ar a dtugtar "an Treoir maidir le Gnáthóga" de ghnáth. Is é atá i Limistéar Caomhantais Speisialta ná príomhlimistéar caomhantais fiadhúlra a meastar ina leith go bhfuil sé tábhachtach ar leibhéal Eorpach chomh maith le tábhacht a bheith aige ar leibhéal na hÉireann.

Síneann Limistéar Caomhantais Speisialta Bhá Bhaile Átha Cliath Theas ón mBalla Theas go dtí an ché thiar i nDún Laoghaire agus roghnaíodh é mar gheall ar an tábhacht a bhaineann lena ghnáthóg "Réileán agus Oitreacha Gainimh Taoide". Tá léarscáil den limistéar ainmnithe le fáil anseo thíos.



2.2.3 Reachtaíocht Chomhshaoil

Tá an Treoir maidir le hÉin agus an Treoir maidir le Gnáthóga trasuite isteach i reachtaíocht na hÉireann agus is dlí ceangailteach de chuid na hEorpa iad agus iad dírithe ar cosaint agus caomhnú gnáthóg tábhachtach agus speiceas éan fián a chinntí. Tá tábhacht ar leith ag an Treoir maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE). Sa treoir sin, leagtar amach na hoibleagáidí atá ar bhallstáit an Aontais Eorpach maidir le láithreán lena ngabhall suntas ar leith a shainaithe agus a ainmniú agus maidir le cosaint agus caomhnú na láithreán sin a chinntí.

Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga:

Maidir le haon phlean nó tionscadal nach bhfuil baint dhíreach aige le bainistiú an láithreáin, nó nach bhfuil gá leis i ndáil le bainistiú an láithreáin, ach ar dóigh dó éifeacht shuntasacha a bheith aige ar an láithreán, as féin nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, beidh sé faoi réir measúnacht chuí ar na himpleachtaí atá aige don láithreán, ag féachaint do chuspóirí caomhantais an láithreáin. I bhfianaise chonclúidí na measúnachta ar na himpleachtaí atá ann don láithreán, agus faoi réir fhorálacha mhír 4, ní chomhaontóidh na húdaráis náisiúnta chuí an plean go dtí go mbeidh sé fionnta acu nach ndéanfaidh sé difear dochurrach d'iomláine an láithreáin lena mbaineann agus, más cuí, go dtí go mbeidh tuairim an phobail i gcoitinne faigthe acu.

Mar thoradh ar bhrefiúnais a rinne Cúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh, tá soiléiriú faigthe ar bhrí agus ar oibriú na forála thusa. De réir mórchinnidh ón gCúirt Breithiúnais sa bliain 2013 maidir le tionscadal sheachbhóthar na Gaillimhe, dúradh gur ceart a bheith den tuairim “go ndéanfaidh plean nó tionscadal difear dochurrach d'iomláine láithreáin más plean nó tionscadal é as a leanfaidh cailleadh marthanach neamh-

inleigheasta gnáthóige iomláine nádúrtha tosaíochta de chineál arbh é a chaomhantas an cuspóir ba chíos le hainmniú an láithreáin lena mbaineann mar LTC [láithreán tábhactha Comhphobail], nó d'iomláine cuid de ghnáthóg den sórt sin.”

Is é atá sa rud suntasach a bhaineann leis an mbreithiúnas sin ná gur shuigh sé go gcoisceann fiú amháin cailleadh cuid de láithreán cosanta forbairt a údarú ach amháin i gcásanna an-speisialta. Le go mbeidh feidhm ag na cásanna speisialta sin, ní mór “easpa réiteach malartach” a bheith ann agus ní mór gur tionscadal é a bhfuil gá leis mar gheall ar “cúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh”. Is ionann na coinníollacha sin agus a rá go bhfuil na himthosca inar féidir tionscadal lena ngabhann cailleadh láithreáin atá ainmnithe faoin Treoir maidir le Gnáthóga a údarú an-teoranta ar fad.

2.3 Nithe nach mbaineann leis an gComhshaol

Chomh maith le nithe a bhaineann leis an gcomhshaol, tá líon mór saincheisteanna nach mbaineann leis an gcomhshaol ann, ar saincheisteanna iad nach mór aghaidh a thabhairt orthu agus nach mór iad a bhrefiúnaí mar chuid d'fhobairt an réitigh is fearr don scéim seo ina hiomláine. Ina measc siúd, áirítear an méid seo a leanas:

- a) Srianta maidir le leithead an bhóthair ar Bhóthar na Trá, chomh maith le sreabhadh suntasach tráchta;
- b) An gá le saoráidí níos sábháilte a chur ar fáil d'úsáideoirí leochaileacha bóthair - coisithe agus rothaithe - ar na bealaí seo;
- c) Saincheisteanna sábháilteachta ag Geataí Mhuirfean a bhfuil líon mór teagmhás sábháilteachta taifeadta ina leith, ar teagmhais iad de chineál a dhéanann dochar do sheirbhísí DART go minic;
- d) Tionchar mhinicíocht mhéadaithe thraenacha DART ar dhúnadh acomhal Gheataí Mhuirfean;
- e) An gá le feabhas a chur ar ghlúaiseacht busanna ar Bhóthar na Carraige agus ar Bhóthar Mhuirfean; agus
- f) Tionchar ar an soláthar áiteanna páirceála ar Bhóthar na Trá agus ar Bhóthar Mhuirfean.

Ní mór an méid sin, chomh maith le nithe iomchuí eile, a brefiúnaí le linn an réiteach cuí do na conairí seo a chinneadh.

03: NA ROGHANNA A BREITHNÍODH


3.1 Na Cineálacha Roghanna

Le linn féachaint leis an togra is fearr a fhorbairt, bhí sé tábhachtach go ndéanfaí scrúdú agus measúnú ar na roghanna malartacha inmharthana go léir. Is iad seo a leanas na cineálacha roghanna a breithníodh don chonair chósta:


- 1: Athruithe ar leagan amach an bhóthair sna conairí bóthair atá ann cheana féin;
- 2: Athruithe ar leagan amach an bhóthair agus leathnú a dhéanamh ar an mbóthar isteach i maoin in aice láimhe;
- 3: Codanna de chlárchosán a thógáil feadh an chladaigh;
- 4: Codanna d'inxilíonadh a thógáil feadh an chladaigh chun an siúlbhealach/rotharbhealach a chruthú;
- 5: Cuid de Bhóthar na Trá a dhúnadh;
- 6: Sreabhadh tráchta aon treo a thabhairt isteach; agus
- 7: An rotharbhealach agus an siúlbhealach a bheith deighilte i limistéir shrianta.




Maidir le conair Bhóthar na Carraige/Bhóthar Mhuirfean, i measc na roghanna malartacha a breithníodh áiríodh cumaisc éagsúla ó thaobh saoráidí bus agus rothaíochta de, chomh maith le leagan amach na lánaí tráchta. Tá samplaí cineálacha de chuid de na cineálacha réitigh sin ar taispeáint thíos.




Leagan amach an bhóthair laistigh de gach conair bhóthair ar leith




Clárchosán - An Cineál Starrmhaide




Leagan amach bóthair mar aon le leathnú an bhóthair




Clárchosán - Tacaí Cé



Promanáid Inlíonta



Clárchosán ar Chéanna in aice leis an Líne larnróid



Promanáid tógha ar Inlónadh Carraigeacha in aice leis an Líne larnróid

3.2 Conair an Chóstha Thoir (S2S)

Chun roghanna dearthóireachta a fhorbairt, rinneadh measúnachtáí ar an dá chonair ar leithligh óna chéile. Sa roinn seo, breithnítear an chonair do Chonair an Chóstha Thoir (S2S).

Chun cabhrú le próiseas forbartha na réiteach dearthóireachta féideartha, rinneadh an chonair fhioriomlán seo a roinnt ina sé chuid mar atá leagtha amach sa léarscáil thíos.





I ngach cuid ar leith, rinneadh scrúdú cúramach chun a fháil amach cad iad na príomhroghanna malartacha indéanta a d'fhéadfadh cuspóirí an tionscadail don chuid lena mbaineann a bhaint amach. I gcuid mhór cásanna ba léir go mbeadh saincheisteanna suntasacha ann maidir le roghanna áirithe a bhí á mbreithniú. Ach, ar mhaithle le hiomláine an phróisis, bhí se tábhachtach na roghanna sin a shainaithint agus a chur ar aghaidh lena measúnú.

Tá na príomhroghanna a scrúdaíodh i ndáil le gach cuid ar leith leagtha amach thíos.

Cuid 1 - An Baile Gaelach go dtí Trá Dhumhach Thrá:

Rinneadh cúig rogha a bhreithniú go mion. Is iad seo a leanas na roghanna sin:

- a) Athrú ar leagan amach an bhóthair, mar aon le roinnt maoine a fháil;
- b) Athrú ar leagan amach an bhóthair, mar aon le píosa de chlárchosán coisithe;
- c) Clárchosán coisithe ar feadh an fhaid iomlán;
- d) An chonair bhóthair a leathnú isteach sa Trá trí inlónadh; agus

- e) Córas tráchta aon treo ar Bhóthar na Trá chun spás a chur ar fáil do rotharbhealach.

Cuid 2 - Promanáid Dhumhach Thrá:

Rinneadh trí rogha a bhreithniú go mion. Is iad seo a leanas na roghanna sin:

- a) Rotharbhealach in aice leis an bpromanáid láithreach;
- b) An cosán láithreach a thiontú ina rotharbhealach; agus
- c) Córas tráchta aon treo ar Bhóthar na Trá chun spás a chur ar fáil do rotharbhealach.

Cuid 3 - Trá Mhuirfean:

Rinneadh cúig rogha a bhreithniú go mion. Is iad seo a leanas na roghanna sin:

- a) Siúlbhealach agus rotharbhealach trí inlónadh a dhéanamh ar an Trá;
- b) Clárchosán chun freastal a dhéanamh ar rotharbhealach agus ar shiúlbhealach feadh chiumhais na Trá;

- c) Bóthar na Trá a leathnú trí mhaoin a fháil chun freastal a dhéanamh ar rotharbhealach;
- d) Córas tráchta aon treo ar Bhóthar na Trá chun spás a chur ar fáil do rotharbhealach; agus
- e) Geataí Mhuirfean a dhúnadh agus nasc nua a thógáil - Seachród Mhuirfean.

Cuid 4 - Geataí Mhuirfean go dtí Baile an Bhóthair:

Rinneadh cúig rogha a bhreithniú go mion. Is iad seo a leanas na roghanna sin:

- a) Siúlbhealach agus rotharbhealach cósta trí inlónadh a dhéanamh ar thaobh na farraige den iarnród;
- b) Clárchosán chun freastal a dhéanamh ar rotharbhealach agus ar shiúlbhealach ar thaobh na farraige den iarnród;
- c) Clárchosán chun freastal a dhéanamh ar rotharbhealach agus ar shiúlbhealach ar an taobh intíre den iarnród;
- d) Rotharbhealach agus siúlbhealach feadh Bhóthar na Carraige; agus



- e) Rotharbhealach ar Bhóthar na Carraige, mar aon le cosán cósta.

Cuid 5 - Baile an Bhóthair go dtí an Charraig Dhubh;
Rinneadh ceithre rogha a bhreithniú go mion. Is iad seo a leanas na roghanna sin:

- a) Siúlbhealach agus rotharbhealach cósta trí inlínadh a dhéanamh in aice leis an líne iarnróid;
- b) Clárchosán chun freastal a dhéanamh ar rotharbhealach agus ar shiúlbhealach ar thaobh na farraige den iarnróid;
- c) Clárchosán intíre feadh na líne iarnróid;
- d) Rotharbhealach agus siúlbhealach trí Pháirc na Carraige Duibhe; agus
- e) Rotharbhealach trí Pháirc na Carraige Duibhe, mar aon le cosán cósta.

Cuid 6 - An Charraig Dhubh go dtí Rinn na Mara:

Rinneadh cúig rogha a bhreithniú go mion. Is iad seo a leanas na roghanna sin:

- a) Siúlbhealach agus rotharbhealach cósta - Leagan 1;
- b) Siúlbhealach agus rotharbhealach cósta - Leagan 2;
- c) Córás tráchta aon treo ar Ascaill Rinn na Mara chun spás a chur ar fáil do rotharbhealach dhá threo.
- d) Córás tráchta aon treo ar Ascaill Rinn na Mara chun spás a chur ar fáil do rotharbhealach dhá threo, móide bealach cosáin cósta; agus.
- e) Ascaill Rinn na Mara a leathnú chun spás a chur ar fáil do rotharbhealach dhá threo, móide bealach cosáin cósta.

3.3 Conair Bhóthar na Carraige/Bhóthar Mhuirfean

Is é is cuspóir do chonair Bhóthar na Carraige/Bhóthar Mhuirfean ná soláthar feabhsaithe do bhusanna agus do rothaithe a chur ar fáil, de bhreis ar fhreastal a dhéanamh ar ghluaiseacht tráchta agus coisithe.

Rinneadh sé rogha a fhorbairt agus a mheasúnú go mion.
Is iad seo a leanas na roghanna sin:

- **Rogha 1:** Leithead an bhóthair láithrig agus leagan amach foriomlán na lánáí a choimeád;
- **Rogha 2:** Lánáí deighilte rothaíochta a chur ar fáil, mar aon le tosaíocht do bhusanna isteach;
- **Rogha 3:** Lánáí deighilte rothaíochta a chur ar fáil, mar aon le tosaíocht do bhusanna sa dá threo;
- **Rogha 4:** Lánáí deighilte rothaíochta a chur ar fáil, mar aon le tosaíocht do bhusanna isteach agus ceangail carbhealaigh ardaithe ag taobh-bhóthair;
- **Rogha 5:** Lánáí deighilte rothaíochta, agus caighdeán níos airde a bheith acu, a sholáthar, mar aon le tosaíocht do bhusanna trí talamh breise a fháil; agus
- **Rogha 6:** Lánáí deighilte rothaíochta a sholáthar, mar aon le tosaíocht do bhusanna sa dá threo, móide freastal a dhéanamh ar rian rothaíochta dhá threo Chonair an Chónaill Thoir idir Geataí Mhuirfean agus Páirc Bhaile an Bhóthair.

04: MODHEOLAÍOCHT AGUS MEASÚNÚ

Chuathas i mbun próisis chun teacht ar an rogha a measfaí ina leith gurbh í an rogha is fearr í maidir le cur i bhfeidhm. Is é a bhí i gceist leis sin ná fachtóirí éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile chun a fháil amach cé acu de na roghanna malartacha a bheadh le cur ar aghaidh mar an réiteach is fearr tríd is tríd.

Baintear úsáid as próiseas caighdeánaithe i dtionscadail mheasúnachta iompair in Éirinn agus, tríd an bpróiseas sin, breithnítear fachtóirí iomchuí faoi chuíg chatagóir, is é sin le rá:

- i) Barainneacht;
- ii) Sábháilteacht;
- iii) Comhshaol;
- iv) Rochtain agus Uilechuimsitheacht Shóisialta; agus
- v) Comhtháthú.

Faoi na cúig phríomhchatagóir sin, sainaithníodh roinnt fochritéar ar dá réir a rinneadh measúnacht ar na roghanna éagsúla. Ina measc sin, áriodh an méid seo a leanas:

- Faoi "Barainneacht", breithníodh costais agus an caighdeán seirbhise ó thaobh iompair de;
- Faoi "Sábháilteacht", cuireadh sábháilteacht coisithe agus rothaithe san áireamh, de bhreis ar shaincheisteanna sábháilteachta bóthair/iarnróid ag Geataí Mhuirfean;
- Faoi "Comhshaol", rinneadh measúnacht chúramach ar na tionchair éagsúla comhshaoil, lena n-áirítear tionchair ó thaobh ainmniúchán de; agus
- Faoi "Comhtháthú", breithníodh fachtóirí amhail comhtháthú an ghréasán rothaíochta agus díláithriú a d'éireodh as bealach iomlán cósta do Chonair an Chósta Thoir.

Maidir leis an gcatagóir measúnachta caighdeánaí dar teideal "Rochtain agus Uilechuimsitheacht Shóisialta", ní raibh aon difreáil ábhartha ann idir na roghanna.

Mar thoradh ar chur i bhfeidhm an phróisis measúnaithe thusa maidir leis na roghanna éagsúla a bhain leis an scéim, sainaithníodh scéim bheartaithe a meastar in a leith gur dóigh gurb í an scéim is fearr í - "an Scéim is Dealraithí a Roghnófar" - ach sin faoi réir próiseas comhairliúchán phoiblí a bheith ann. Tá mionsonraí faoin Scéim sin is Dealraithí a Roghnófar leagtha amach sa chéad roinn eile.


05: AN SCÉIM IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR – CONAIR AN CHÓSTA THOIR

5.1 Tuairisc


Mar thoradh ar mheasúnacht chuimsitheach a rinneadh ar na roghanna éagsúla, tá an scéim atá sainitheanta, chun críocha próiseas comhairliúcháin phoiblí, mar an Scéim is Dealraithí a Roghnófar don chuid den tionscadal ar a dtugtar Conair an Chósta Thoir leagtha amach i bhfoirm tháscach sa dá leathanach sin ina dhiadh seo.



Bealach Cósta: An Baile Gaelach go dtí Geataí Mhuirfean - Leagan Amach Táscach



Bealach Cósta: Geataí Mhuirfean go dtí Rinn na Mara - Leagan Amach Táscach





Bóthar na Trá atá ann cheana ag Geataí Mhuirfean



Bóthar na Trá atá beartaithe ag Geataí Mhuirfean

5.2 Tráchtareacht ar an Rogha is Dealraithí a Roghnófar

I measc roinnt gnéithe suntasacha a bhaineann leis an mbealach is dealraithí a roghnófar do Chonair an Chósta Thoir, áirítear an méid seo a leanas:

- Clárchosán do choisithe a thógáil feadh tuairim is 250 méadar de Bhóthar na Trá idir a acomhal le hAscaill an Gharráin Nua agus a acomhal le hAscaill Gilford;
- Nasc nua bóthair a chur ar fáil idir Bóthar na Trá agus Bóthar Mhuirfean ó thuaidh ó acomhal laithreach Gheataí Mhuirfean, ar nasc é a thrasnódh an líne iarnróid, os a cionn, gan aon chur isteach ó ghlúaiseachtaí traenach;
- Crosaire comhréidh Gheataí Mhuirfean a dhúnadh agus an foirceann theas de Bhóthar na Trá a thiontú ina cul-de-sac.

- Íosbhealach do choisithe agus do rothaithe a chur ar fáil faoin líne iarnróid ag Geataí Mhuirfean;
- Píosa de bhealach siúil cósta a chruthú idir an Charraig Dhubh agus Rinn na Mara ar thaobh na farraige den líne iarnróid; agus
- Saoráidí sábháilte rothaíochta dhá threo a chur ar fáil ar Ascaill Rinn na Mara trí chóras tráchta aon treo a thabhairt isteach feadh an bhóthair seo.

Ag ionaid áirithe feadh na conaire seo, bheadh gá le talamh agus maoin a fháil chun an leagan amach bóthair atá ag teastáil a chur ar fáil. De bhreis air sin, mar gheall ar shrianta spáis, bheadh gá le deireadh a chur le páircéail ar an tsráid i gceantair áirithe, rud a cheadaítear faoi láthair.

5.3 Nithe a bhaineann leis an gComhshaol

Nuair a sainaithníodh an rogha seo mar an rogha is fearr, cuireadh san áireamh na srianta comhshaoil a bhaineann le Limistéar Caomhantais Speisialta Bhá Bhaile Átha Cliath

Theas, chomh maith le Limistéar faoi Chosaint Speisialta Bhá Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann a chur san áireamh.

I gcás roinnt de na roghanna, bhí ionsá díreach isteach sna limistéir ainmnithe sin i gceist leo. Mar a sainaithníodh roimhe seo, tá soiléiriú le fáil i gcásdlí Eorpach atá tagtha chun cinn le déanaí maidir leis an staid i ndáil le forbairt i Limistéir Caomhantais Speisialta. De réir na mbreithiúnas sin, is é atá sa soiléiriú ná go gcoisceann fiú amháin cailleadh cuid de láithreán cosanta forbairt a údarú ach amháin i gcásanna an-speisialta agus an-teoranta.

I roinnt de na roghanna a sainaithníodh, go háirithe na codanna a shíneann ón bhfoirceann theas de Bhóthar na Trá go dtí an Charraig Dhubh, tá sé i gceist leibhéal áirithe ionsá a dhéanamh isteach i Limistéar Caomhantais Speisialta Bhá Bhaile Átha Cliath Theas. Is amhlaidh an cás go háirithe maidir leis na tograí a bhaineann le hinlónadh a dhéanamh chun rotharbhealach agus siúlbhealach a chruthú, ach is amhlaidh atá freisin i gcás tograí eile amhail an clárchosán in aice leis an líne iarnróid ina gcuimseofar rotharbhealach agus siúlbhealach. Mar gheall



Bóthar na Trá atá ann cheana ag Halla Mhuirfean



Bóthar na Trá atá beartaithe ag Halla Mhuirfean

ar thionchar comhshaoil na dtograí sin agus, anuas air sin, mar gheall ar chinntí ón gCúirt Bhreithiúnais le déanaí, níor moladh na tograí sin lena gcur san áireamh sa rogha is dealraithí a roghnófar.

Ina ionad sin, sa chuid den tionscadal ó Gheataí Mhuirfean go dtí Baile an Bhóthair, moltar píosa gearr de bhealach "intíre" a úsáid, feadh Bhóthar Mhuirfean agus Bhóthar na Carraige, roimh dhul isteach i bpáirc na Carraige Duibhe ag an bhfoirceann theas. Soláthraíonn sé sin leanúnachas ionmlán bealaigh agus, ag an am céanna, seachnaítear ionsá isteach sna limistéir sainainmnithe. Tríd an gcuid seo den bhealach a dhearadh go cúramach, cinnteofar go gcoinneofar ardluach taitneamhachta na conaire.

5.4 Seachród Mhuirfean

Ceann de na príomhghhnéithe a bhaineann leis an togra seo is ea "Seachród Mhuirfean" a sholáthar. Is é atá i gceist leis seo ná nasc gearr bóthair a cheanglaíonn foirceann theas Bhóthar na Trá le Bóthar Mhuirfean ó thuaidh ó acomhal láithreach Gheataí Mhuirfean.

Rachadh sé trí thailte Halla Mhuirfean, isteach ó Bhóthar na Trá, agus trí charrchlós Eaglais Mhuire, Banríon na Síochána, ar Bhóthar Mhuirfean.

Trí dhroicheadh thar an líne iarnróid DART a chur san áireamh, chuirfeadh an togra líne bhóthair ar fáil nach gcuirfeadh gluaiseachtaí traenach isteach air agus a bheadh ar fáil ar bhonn leanúnach. Diomaite de na tairbhí a d'éireodh as sin ó thaobh nascacht iompair de, bheifí in ann croaire comhréidh Gheataí Mhuirfean a dhúnadh, rud a chuirfeadh deireadh le mórfhoinsí moille tráchta agus a réiteodh rioscaí sábháilteachta atá ann ag an suíomh sin.


"Ceann de na príomhghhnéithe a bhaineann leis an togra seo is ea "Seachród Mhuirfean" a sholáthar. Is é atá i gceist leis seo ná nasc gearr bóthair a cheanglaíonn foirceann theas Bhóthar na Trá le Bóthar Mhuirfean ó thuaidh ó acomhal láithreach Gheataí Mhuirfean."

06: AN SCÉIM IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR – BÓTHAR NA CARRAIGE/BÓTHAR MHUIRFEAN

6.1 Tuairisc

Mar thoradh ar mheasúnacht chuimsitheach a rinneadh ar na roghanna éagsúla, tá an scéim atá sainitheanta, chun críocha próiseas comhairliúcháin phoiblí, mar an Scéim is Dealraithí a Roghnófar don chuid den tionscadal ar a dtugtar Bóthar na Carraige/Bóthar Mhuirfean leagtha amach i bhfoirm tháscach sa leathanach sin ina dhiadh seo.







An leagan amach ag Geataí Mhuirfean faoi láthair



Carrchlós na heaglaise faoi láthair



An leagan amach atá beartaithe do Gheataí Mhuirfean



Nasc bóthair 'Seachród Mhuirfean' trí charrchlós na heaglaise mar atá beartaithe

6.2 Tráchtaireseacht ar an Rogha is Dealraithí a Rognófar

Seo a leanas roinnt gnéithe suntasacha a bhaineann leis an mbealach seo is dealraithí a roghnófar do Bhóthar na Carraige/Bóthar Mhuirfean:

- Soláthraítear saoráidí leanúnacha rothaíochta feadh na conaire seo, agus iad deighilte go hiomlán ó thrácht feithicle nó suite ar shainlána rothaíochta ar an gcarrbhealach;
- Soláthraítear lánáí leanúnacha bus, tríd is tríd, feadh na conaire tábhacthaí bus seo; agus
- Cuirtear deireadh le hacomhal Gheataí Mhuirfean agus soláthraítear nasc nua bóthair achar gairid níos faide ó thuaidh os cionn an líne iarnróid agus cuirtear deireadh leis an idirghníomhaíocht go léir idir gluaiseachtaí ar an mbóthar agus ar an iarnróid.

Ag ionaid áirithe feadh na conaire seo, bheadh gá le talamh agus maoin a fháil chun an leagan amach bóthair atá ag teastáil a chur ar fáil. De bhreis air sin, mar gheall ar shrianta spáis, bheadh gá le deireadh a chur le páirceáil ar an tsráid i gceantair áirithe, rud a cheadaítear faoi láthair. Bheadh gá le roinnt crann aibí, móide fásra eile, a thabhairt chun bealaigh le go bhféadfaí an leathnú bóthair atá ag teastáil a dhéanamh. Dá mbeadh sé indéanta, dhéanfaí plandáil ionaid mar chuid d'fhorbairt na scéime.

07: TAIRBHÍ AGUS COSTAIS



7.1 Tairbhí

Bheadh na tairbhí seo a leanas ann dá gcuirfí an tionscadal beartaithe i bhfeidhm:

- Sholáthródh sé bealach leanúnach ardchaighdeáin do choisithe agus do rothaithe ón mBaile Gaelach go Rinn na Mara rud a bhainfeadh amach an cuspóir atá ann le fada maidir le promanáid áineasa agus rotharbhealach a chur ar fáil ó Chill Fhionntain ar an taobh ó thuaidh de Bhaile Átha Cliath go dtí Cuas an Ghainimh ar an taobh ó dheas;
- Réiteodh sé mó�-riosca sábháilteachta trí chrosaire comhréidh Gheataí Mhuirfean a dhúnadh, rud a chuirfeadh deireadh le coimhlintí bóthair agus iarnróid agus a réiteodh fadhbanna a bhaineann leis an acomhal bóthair seo;
- Tríd an nasc nua bóthair a cheanglódh Bóthar na Trá agus Bóthar Mhuirfean le chéile a chur ar fáil, agus trí chrosaire comhréidh Gheataí Mhuirfean a dhúnadh, thabharfaí aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le moill tráchta mar gheall ar mhéadú ar mhiniúchtaí traenacha agus mar gheall ar dhúnadh ar feadh tréimhsí níos faide ag acomhal Gheataí Mhuirfean;

- Sholáthródh sé saoráidí deighilte sábháilte rothaíochta feadh Bhóthar na Carraige/Bhóthar Mhuirfean ar bealach gnóthach é;
- Sholáthródh sé gluaiseacht ghasta iontaofa busanna sa dá threo feadh na gcodanna de Bhóthar na Carraige agus de Bhóthar Mhuirfean a thagann faoi réim na scéime; agus
- Chuirfeadh sé conair bhóthair lán-athnuaithe feadh Bhóthar Mhuirfean/Bhóthar na Carraige, mar aon le dromchla nua bóthair, marcáil nua lánaí, cosáin nua, trasrianta nua do choisithe agus comharthaíocht nua, ar nithe iad sin a rachadh chun tairbhe do gach úsáideoir bóthair, lena n-áirítear gluaisteáin.

7.2 Costais

Tá costas measta na scéime cósta, agus an nasc nua bóthair a ghabhann thar Gheataí Mhuirfean san áireamh, sa raon ó €22 milliún go €26 milliún.


Tá costas measta scéim Bhóthar na Carraige/Bhóthar Mhuirfean sa raon ó €18 milliún go €22 milliún.

08: CUR I BHFEIDHM IONCHASACH

Más rud é, tar éis an phróisis comhairliúcháin phoiblí, go gcinntear gur ceart leanúint ar aghaidh agus an scéim a chur i bhfeidhm, san fhoirm atá leagtha amach sa Doiciméad Comhairliúchán Phoiblí seo nó i bhfoirm leasaithe, oibreoidh an tÚdarás Náisiúnta lompair i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le Comhairle Chontae Dhún Laoghaire chun cur i bhfeidhm na scéime a áirithíú.

Cé gur féidir le comhaltaí tofa údarás áitiúil tionscadail áirithe a cheadú lena bhforbairt, is dócha, i bhfianaise scála agus leibhéal na dtionchar a bheidh ag an scéim seo, go mbeidh gá le Ráiteas Tionchair Timpeallachta a ullmhú i leith an tionscadail agus go mbeidh gá le toiliú forbartha a fháil ón mBord Pleanála.

Sula ndéanfar iarratas ar toiliú forbartha a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála, déanfar obair dhearthóireachta agus phleanála bhreise ina gcuimseofar suirbhéireachtaí léarscáilíochta, staidéir chomhshaoil, imscrúduithe éagsúla talún agus imscrúduithe eile, móide tuilleadh forbartha dearthóireachta.



09: COMHAIRLIÚCHÁIN POIBLÍ

Tá aighneachtaí á lorg ag an Údarás Náisiúnta lompair maidir leis na tograí atá leagtha amach sa Doiciméad Comhairliúcháin Phoiblí seo.

Is féidir aighneachtaí agus tuairimí a chur ar fáil i scríbhinn mar a leanas:

Ar Líne:

Trí úsáid a bhaint as an bhfoirm ar líne atá ar fáil sa roinn dár láithreán gréasáin ar a dtugtar "Comhairliúcháin Phoiblí" at www.nationaltransport.ie

Nó le ríomhphost chuig:

Eastcoast@nationaltransport.ie

Nó leis an bpost chuig:

East Coast Consultation,

An tÚdarás Náisiúnta lompair,

Dún Scéine,

Cúirt Uíbh Eachach,

Lána Fhearchair,


Baile Átha Cliath 2,

D02 WT20.

Tá an dáta deireanach chun glacadh le haighneachtaí agus le tuairimí leagtha amach sa roinn dár láithreán gréasáin ar a dtugtar "Comhairliúcháin Phoiblí".


Ní mór ainm agus seoladh iomlán an té ag a bhfuil an aighneacht á déanamh agus, más iomchuí, ainm an chomhlachta nó na heagraíochta atá i gceist, a bheith ann i ngach aighneacht. Tabhair do d'aire, le do thoil, go dtagann aighneachtaí faoi réir an Acharta um Shaoráil Faisnéise. D'fhéadfadh sé go ndéanfar aighneachtaí a fhoilsiú ina n-iomláine ar láithreán gréasáin an Údarás Náisiúnta lompair.

AGUISÍN




NÓTA: Níl sa leagan den Bhealach is Dealraithí a Roghnófar atá ar taispeáint sna línlóchtaí anseo thíos ach leagan táscach agus d'fhéadfadh sé go ndéanfar athrú air tar éis comhairliúcháin agus mar chuid den phróiseas forbartha dearthóireachta.

LÉARSCÁIL 1




AN ROGHA IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR DON BHEALACH
CUID 1 – AN BAILE GAEACH GO DTÍ PROMANÁID DHUMHACH THRÁ

LÉARSCÁIL 2




LÉARSCÁIL 3




AN ROGHA IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR DON BHEALACH
CUID 1 – AN BAILE GAEACH GO DTÍ PROMANÁID DHUMHACH THRÁ

LÉARSCÁIL 4




LÉARSCÁIL 5




AN ROGHA IS DEALRAITHÍ A ROGNÓFAR DON BHEALACH
CUID 2 – PROMANÁID DHUMHACH THRÁ

LÉARSCÁIL 6




LÉARSCÁIL 7




AN ROGHA IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR DON BHEALACH
CUID 3 – TRÁ MHUIRFEAN

LÉARSCÁIL 8




LÉARSCÁIL 9




AN ROGHA IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR DON BHEALACH
CUID 4 – GEATAÍ MUÍRFEAN GO DTÍ BAILE AN BHÓTHAIR

LÉARSCÁIL 10




LÉARSCÁIL 11




AN ROGHA IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR DON BHEALACH
CUID 4 – GEATAÍ MUİRFEAN GO DTÍ BAILE AN BHÓTHAIR

LÉARSCÁIL 12




LÉARSCÁIL 13




AN ROGHA IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR DON BHEALACH
CUID 4 – GEATAÍ MHUIRFEAN GO DTÍ BAILE AN BHÓTHAIR

LÉARSCÁIL 14




LÉARSCÁIL 15




AN ROGHA IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR DON BHEALACH
CUID 4 – GEATAÍ MUIRFEAN GO DTÍ BAILE AN BHÓTHAIR

LÉARSCÁIL 16




LÉARSCÁIL 17




AN ROGHA IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR DON BHEALACH
CUID 4 – GEATAÍ MUÍRFEAN GO DTÍ BAILE AN BHÓTHAIR

LÉARSCÁIL 18




LÉARSCÁIL 19




AN ROGHA IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR DON BHEALACH
CUID 4 – GEATAÍ MUIRFEAN GO DTÍ BAILE AN BHÓTHAIR

LÉARSCÁIL 20




LÉARSCÁIL 21




AN ROGHA IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR DON BHEALACH
CUID 5 – BAILE AN BHÓTHAIR GO DTÍ AN CHARRAIG DHUBH


LÉARSCÁIL 22




LÉARSCÁIL 23



LÉARSCÁIL 24




LÉARSCÁIL 25




AN ROGHA IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR DON BHEALACH
CUID 6 – AN CHARRAIG DHUBH GO DTÍ RINN NA MARA

LÉARSCÁIL 26




LÉARSCÁIL 27




AN ROGHA IS DEALRAITHÍ A ROGHNÓFAR DON BHEALACH
CUID 6 – AN CHARRAIG DHUBH GO DTÍ RINN NA MARA

LÉARSCÁIL 28







National Transport Authority
Dún Scéine
Harcourt Lane
Dublin 2

Údarás Náisúnta Iompair
Dún Scéine
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Tel: +353 1 879 8300
Fax: +353 1 879 8333

www.nationaltransport.ie

designed by CATALYSTO^o